# Céimeanna Forbartha san Fhoghlaim sa Bhonnchéim

# Contanam na CUMARSÁIDE – ÉISTEACHT, TUISCINT AGUS LABHAIRT

Ba cheart do mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí scil na Cumarsáide a úsáid trasna an churaclaim i súgradh, obair topaice agus i ngach Réimsí Foghlama. Na ráitis ina luaitear gníomhartha an mhúinteora nó na ndaltaí, níl iontu ach eiseamláirí. Cuireann siad síos ar ghníomhaíocht **fhéideartha** múinteora agus iompraíocht daltaí le gach céim a léiriú. Ba chóir do mhúinteoirí, páistí a chumasú i gcomhthéacs a gcumais sa tumtheanga, le heolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt iontu seo.

## Riachtanais le haghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

## Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

| Ó | Go | Síneadh ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Leibhéal 1 |
|---|---|---|
| **Tig le daltaí:** | **Tig le daltaí:** | **I gcásanna coitianta, agus iad ag éisteacht le agus ag freagairt do réimse de spreagthaigh tig le daltaí:** |
| • **éisteacht le réimse spreagthaí;**<br>Tugann an múinteoir amhráin agus ceol dóibh ina bhfuil teanga athráiteach, agus cuirtear cnaguirlisí ar fáil dóibh le rithim agus fuaim na teanga a aibhsiú.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Éisteann na daltaí agus bíonn siad páirteach i ngníomhaíochtaí. Déanann siad freagairt spontáineach. | • **éisteacht go cúramach le réimse spreagthaí;**<br>Cuireann an múinteoir réimse acmhainní suimiúla agus ilghnéitheacha ar fáil, mar shampla, ceol, fuaimeanna, filíocht, rímeanna comhairimh agus gligíní, agus spreagtar daltaí le freagairt phearsanta a thabhairt.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Éisteann na daltaí go cúramach agus déanann siad freagairt trí ghníomhaíochtaí ina ndéantar ceol, gluaiseacht, ealaín agus gníomhaíochtaí comhairimh de ghlanmheabhair. | • **éisteacht le faisnéis a fháil;**<br>Tig le daltaí ciall a bhaint as a bhfuil cluinte acu agus freagairt dó de réir mar is cuí, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. |
| • **úsáid a bhaint as scéalta rólghlactha leis an chaint a fhorbairt;**<br>Bíonn an múinteoir rannpháirteach i seisiúin rólghlactha agus tugtar isteach stór focal cuí le húsáid teanga na ndaltaí a shíneadh.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Bíonn na daltaí páirteach i rólghlacadh spontáineach. | • **labhairt agus a gcuid smaointe a chur in iúl trí rólghlacadh;**<br>Cruthaíonn an múinteoir timpeallachtaí a spreagann daltaí a bheith páirteach i súgradh spontáineach, cur i gcéill agus rólghlacadh a shíneann a gcuid smaointeoireachta ar dhóigh chuí.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Cuireann na daltaí roinnt smaointe, idéanna agus mothúcháin in iúl tríd an tsúgradh agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. | • **ról duine eile a ghlacadh;**<br>Tig le daltaí iad féin a iompar agus labhairt amhail is gur duine éigin eile iad, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. Tig leo mar shampla, a chur i gcéill gur dochtúir iad agus go bhfuil steallaire de dhíth orthu srl. |
| • **bheith páirteach i réimse gníomhaíochtaí éisteachta agus labhartha;**[1]<br>Cuireann an múinteoir réimse gníomhaíochtaí agus acmhainní ar fáil tríd an lá le forbairt teanga a chur chun cinn.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Bíonn na daltaí páirteach i ngníomhaíochtaí, agus iad ag labhairt faoi na rudaí atá déanta, léite nó cluinte acu agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. | • **bheith páirteach i réimse leathnaitheach gníomhaíochtaí éisteachta agus labhartha;**<br>Cuireann an múinteoir cuspóirí éagsúla ar fáil bheith ag éisteacht agus ag labhairt, le cuidiú le daltaí cur síos a dhéanamh ar smaointe nó iad mhíniú, mar shampla, comhráite, obair pháirtí agus díospóireacht ghrúpa.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Léiríonn na daltaí a gcumas éisteachta agus labhairt le haghaidh feidhmeanna éagsúla, mar shampla scéal a athinsint nó eispéireas pearsanta a insint agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal mar is gá. | • **míniúcháin ghairide agus plé simplí a thuiscint;**<br>Tá buntuiscint ag daltaí ar a bhfuil á mhíniú dóibh agus tig leo a bheith páirteach i bplé simplí, mar shampla, labhairt lena 'bpáirtí freagartha' (páirtí labhartha). |
| • **éisteacht le treoracha simplí agus iad a leanúint;**<br>Déanann an múinteoir staideanna a chur ar bun agus a mhúnlú, ina gcaithfidh daltaí éisteacht le treoracha agus iad a leanúint mar chuid dá ngnáthaimh laethúla sa seomra ranga.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Tuigeann na daltaí go mbíonn freagairt de dhíth ar threoracha. | • **éisteacht le treoracha bunúsacha agus iad a leanúint;**<br>Cuireann an múinteoir réimse leathan deiseanna ar fáil ina gcaithfidh daltaí freagairt do threoracha.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Éisteann na daltaí le treoracha simplí agus leanann siad iad. | • **treoracha gairide simplí a thuiscint agus a leanúint;**<br>Tig le daltaí éisteacht le treoracha simplí ar nós "Cuir do bhruscar sa bhosca bruscair", iad a thuiscint agus a leanúint. |
| • **ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;** | • **ceisteanna simplí a chur agus a fhreagairt;**<br>Déanann an múinteoir deiseanna múnlaithe agus i gcomhpháirt a phleanáil i ngnáthimeachtaí scoile lena thaispeáint dóibh an dóigh le ceisteanna a chur agus a fhreagairt.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Tuigeann na daltaí go mbíonn freagairt de dhíth ar cheisteanna. | • **ceisteanna a chur agus a fhreagairt;**<br>Cuireann an múinteoir staideanna ar bun ag úsáid réimse spreagthaí le deiseanna a chothú le ceistiú simplí a dhéanamh.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Léiríonn na daltaí a dtuiscint trí thosú ar cheisteanna a fhreagairt agus a chur agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. | • **ceisteanna a chur agus a fhreagairt ar mhaithe le faisnéis faoi leith;**<br>Cuireann daltaí ceisteanna simplí nuair ba mhaith leo eolas ar leith a fháil agus tugann siad freagraí bunúsacha ar cheisteanna, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. |
| • **faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;** | • **labhairt faoi eispéiris;**<br>Cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil le daltaí a dhéanamh páirteach i ndíospóireachtaí neamhfhoirmiúla.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Labhraíonn na daltaí faoina gcuid eispéireas féin agus freagraíonn siad ceisteanna agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. | • **labhairt faoi eachtraí agus eispéiris;**<br>Tugann an múinteoir ar dhaltaí a bheith páirteach i gcomhráite a bhfuil cuspóir leo, mar shampla, tugtar isteach topaicí agus déantar pictiúir agus déantúsáin a phlé.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Bíonn na daltaí páirteach i gcomhráite, mar chainteoir agus mar éisteoir, agus iad ag labhairt faoi eispéiris phearsanta agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. | • **stór focal simplí óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin;**<br>Tig le daltaí stór focal simplí óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúchain, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. |
| • **a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;** | | • **iarracht a dhéanamh labhairt ar a gcuid eispéireas féin;**<br>Tig le daltaí cur síos ar rud a tharla le go dtuigfidh daoine eile é, mar shampla, labhairt ar na háiteanna ar thug siad cuairt orthu, ar na daoine a casadh orthu agus ar na rudaí a rinne siad, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. |
| • **labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;** | • **feasacht a léiriú ar nósmhaireachtaí sóisialta.**<br>Cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil do na daltaí labhairt i gcomhthéacsanna difriúla agus idirghníomhaíochtaí sóisialta cuí a mhúnlú.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Léiríonn na daltaí roinnt feasachta ar shealaíocht agus ar chomhroinnt. | • **roinnt nósmhaireachtaí sóisialta a léiriú.**[2]<br>Cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil do na daltaí labhairt i ngrúpaí i gcomhthéacsanna difriúla.<br><br>***Deis measúnaithe:*** Tá na daltaí ábalta éisteacht le daoine eile agus freagairt le roinnt nósmhaireachtaí sóisialta a léiriú. | • **labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad;**<br>Tig le daltaí, agus iad ag éirí níos muiníní i gcónaí, labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad. |
| • **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.** | | • **teagmháil súl a dhéanamh ar mhaithe le tuiscint agus seal a ghlacadh i gcomhrá.**<br>Tig le daltaí teagmháil súl a dhéanamh agus iad ag labhairt le duine, agus ligean do dhaoine eile labhairt, nuair a bhíonn siad ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga, mar shampla. |

**Tá na tagairtí don tsraith bileog *Language and Literacy in the Foundation Stage* de chuid CCEA, ar fáil ag www.ccea.org.uk:**

[1] *Talking and Listening* leathanach 2 [2] *Talking and Listening* leathanaigh 3 go 5